An Coimisiún Pleanála

# Faisnéis do chuairteoirí: An Coimisiún Pleanála

**Arna Nuashonrú: Eanáir 2026**

# Eolas do chuairteoirí: An Coimisiún Pleanála

**Clár Ábhair**


Réamhrá ........ 3

Rochtain ........ 3

Ár láthair ........ 3

Uaireanta oscailte: ........ 4

Ag taistil chun na hoifige ........ 5

Leagan amach an fháiltithe ........ 11

Áit chiúin ........ 13

Soilsiú ........ 13

TCI ........ 13

Teanga ........ 14

Deasc Fáilte ........ 14

Áit fáiltithe ........ 15

Seomra Comhdhála Mhaoilbhríde ........ 16

Seomra Parnell ........ 17

Leithris inrochtana ........ 18

Láthair shuí ........ 19

Seomra Chathail Brugha ........ 20

Seomra Sheáin MacDiarmada ........ 21

Ag fágáil na hoifige ........ 22

Tuilleadh eolais ........ 23

**Réamhrá**


Fáilte. Ullmhaíodh an treoir seo chun cabhrú leat ullmhú do do chuairt ar an gCoimisiún Pleanála.

**Rochtain**

Is í Eva Pierce Oifigeach Rochtana an Choimisiúin Pleanála, agus is é Stewart Browne an Leas-Oifigeach Inrochtaineachta. Más gá duit teagmháil a dhéanamh le Eva nó le ball foirne eile chun cabhrú leat, glaoigh ar 01 858 8100, le do thoil. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Eva le ríomhphost freisin ag accessofficer@pleanala.ie. Téigh i dteagmháil leis an gCoimisiún Pleanála a luaithe is féidir roimh an gcuairt má tá aon riachtanais rochtana agatsa (nó ag aon bhall de do ghrúpa) ionas gur féidir linn cabhrú leat nó libh le linn na cuairte.

**Ár láthair**

Táimid lonnaithe i lár Bhaile Átha Cliath ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, D01 V902.




Sonraí léarscáile: © 2026 Google

**Uaireanta oscailte:**

Is iad seo a leanas ár ngnáthuaireanta oscailte:

| | |
|---|---|
| An Luan | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Mháirt | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Chéadaoin | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Déardaoin | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Aoine | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Satharn | Dúnta |
| An Domhnach | Dúnta |
| Laethanta saoire poiblí, Aoine an Chéasta agus laethanta áirithe eile | Dúnta |

Bímid ar oscailt ar fud an lae agus ní dhúnaimid le haghaidh lóin.

Ar laethanta áirithe eile nuair atá ár n-oifig dúnta, cuirfimid in iúl don phobal go bhfuilimid dúnta. Tá seans ann, áfach, nach mbeidh sé sin indéanta i gcónaí de bharr imthosca eisceachtúla. Mura bhfuil tú cinnte sula dtugann tú cuairt an mbeidh ár n-oifig ar oscailt, féach ár suíomh Gréasáin ag www.pleanala.ie, glaoigh ar 01 858 8100 nó glaoigh ar Íosghlao 1890 275 175 sula dtaistealaíonn tú.

**Ag taistil chun na hoifige**

Tá modhanna taistil éagsúla ar fáil leis an oifig a shroicheadh – bus, rothar, LUAS, traein agus carr. Tá An Bord Pleanála mar chomhpháirtí sa scéim 'Smarter Travel Workplace' agus tugann sé tacaíocht do pholasaí taistil inbhuanaithe don fhoireann agus do chustaiméirí. Molaimid duit iompar poiblí a úsáid le cuairt a thabhairt ar an oifig againn.

Is liosta cuimsitheach de roghanna iompair poiblí é an Journey Planner ó Transport for Ireland a chabhraíonn leat amanna do thurais go cruinn ó aon áit in Éireann. Tá busanna, tramanna, tacsaithe, báid farantóireachta agus siúl san áireamh sa Phleanálaí – 120 san iomlán – le eolas bealaí atá leagtha amach go hiomlán, amchláir inphriontáilte agus sonraí ar fhaid turas iomláine.

Is féidir an aip don Journey Planner a íoslódáil ó www.transportforireland.ie

| | |
|---|---|
| **Dublin Bus**<br>www.dublinbus.ie | Is féidir teacht ar na stadanna Dublin Bus atá gar don oifig ar Sráid Uí Chonaill, Sráid Parnell, Sráid Chathail Brugha agus sráideanna eile. Tugann an suíomh gréasáin Dublin Bus an t-eolas is déanaí ar bhealaí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, eolas faoi bhusanna i bhfíor-am agus amchláir ginearálta i mBaile Átha Cliath. |
| **Bus Éireann**<br>www.buseireann.ie | Téann bealaí náisiúnta agus réigiúnacha Bus Éireann go Busáras, atá ar siúlóid 10 nóiméad ó oifig an Bhoird Pleanála. Tugann an suíomh gréasáin atá ag Bus Éireann eolas ar amchláir, ar thicéid agus eolas eile ar seirbhísí bus náisiúnta agus réigiúnacha. |

| | |
|---|---|
| **Oibritheoirí Bus Eile**<br>www.transportforieland.ie | Ta seirbhísí bus ó oibritheoirí bus eile ó timpeall na tíre ar fáil gar don oifig. Is féidir leis an Journey Planner ó Transport for Ireland cabhrú leat fáil amach má tá seirbhís ar fáil gar duit. |
| **LUAS**<br>www.luas.ie | Tá seirbhísí LUAS ar an Líne Ghlas agus an Líne Dhearg ar fáil go dtí an oifig.<br><br>Ar seirbhísí na líne glaise go dtí Droichead Broome, is fiú éirí as an tram ar Sráid Uí Chonaill Uachtar agus siúl síos Sráid Chathail Brugha. Ar seirbhísí na líne glaise go Parnell, Áth an Ghainimh nó Gleann Bhríde, is fiú éirí as an tram ag Parnell agus siúl síos ar Sráid Mhaoilbhríde.<br><br>Ar seirbhísí na líne deirge, is fiú éirí as an tram ar Sráid na Mainistreach agus siúl suas ar Sráid Mhaoilbhríde. |
| **Iarnród Éireann**<br>**Irish Rail**<br>www.irishrail.ie | Is iad na príomhstáisúin traenach i mBaile Átha Cliath ná Stáisiún Uí Chonghaile agus Stáisiún Heuston. Ní fhreastalaíonn ach seirbhísí DART agus comaitéireachta ar Stáisiún Shráid Tara.<br><br>**Stáisiún Uí Chonghaile**<br>Tá oifig an Bhoird Pleanála ar fhad siúil de Stáisiún Uí Chonghaile agus a seirbhísí iarnróid náisiúnta, comaitéireachta agus DART. Tá an oifig againn ar fhad siúil 10 nóiméid ón stáisiún nó is féidir leat an LUAS (Líne Deirge) a thógáil go dtí Sráid na Mainistreach agus siúl suas ar |

| | |
|---|---|
| | Sráid Mhaoilbhríde.<br><br>**Heuston**<br>Freastalaíonn Stáisiún Heuston ar seirbhísí iarnróid náisiúnta agus comaitéireachta agus ta sé lonnaithe thart ar 2 chiliméadar ón oifig againn. Tá seirbhísí Dublin Bus ar fáil ó Stáisiún Heuston go Lár na Cathrach agus téann an LUAS (Líne Deirge) ó Heuston go Sráid na Mainistreach chomh maith.<br><br>Iarnród Éireann – tá sonraí iomlán ar fáil faoi roghanna taistil traenach ar an suíomh gréasáin atá ag Iarnród Éireann. |
| **Rothaíocht**<br>www.dublinbikes.ie<br>www.transportforireland.ie | Tá ionad Dublin Bikes ar Sráid Chathail Brugha atá in aice lenár n-oifig, agus is féidir an eolas is déanaí a fháil maidir le fáil ar na rothair agus spásanna agus ionaid eile Dublin Bikes.<br><br>Ta seastáin rothar ar fáil ar Sráid Chathail Brugha chomh maith agus is féidir teacht ar na bealaí ar an Journey Planner ó Transport for Ireland.<br><br>Tá amanna rothaíochta measta chuig an oifig againn ó mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ar fáil ar ár suíomh gréasáin. |


| | |
|---|---|
| **Siúl** | Tá amanna siúil measta chuig an oifig againn ó mhórcheantar Bhaile Átha ar fáil ar ár suíomh gréasáin. |
| **Tacsaithe** | Is féidir tacsaithe a fháil ar fud na cathrach agus iad a fháil go dtí os comhair na hoifige ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, BÁC 1, D01 V902. Tá seastán tacsaithe lonnaithe gar don oifig, ar Sráid Chathail Brugha. |
| **Carr** | Sa charr, lean ceann de na príomhbhealaí (a chuirfear in iúl trí 'N', mar shampla N1, N4, N11) go lár na cathrach agus lean an léarscáil le haghaidh treoracha don oifig. Tá sriantaí tráchta agus córas aontreo i bhfeidhm ar fud na cathrach.<br><br>Tá áit páirceála inrochtana os comhair na hoifige, ach níl aon pháirceáil sráide go ginearálta gar don oifig. Tá carrchlóis ar fáil in aice láimhe. |

### Ag sroicheadh na hoifige

Tá slí isteach na hoifige lonnaithe ar 64 Sráid Mhaoilbhríde.




Nuair a shroicheann tú an phíomhdhoras, brúigh an cnaipe gorm ar an idirchum.




Seo grianghraf gar-amhairc den chnaipe:





Nuair a bhrúnn tú an cnaipe, déanfar an doras a dhíghlasáil ag garda slándála. Le dul isteach, brúigh an doras isteach le dul isteach sa phóirse. Má tá cabhair uait leis an doras taobh amuigh, labhair isteach san idirchum agus tabharfaidh garda slándála cabhair duit.

Nuair a théann tú isteach sa phóirse, tá dhá doras os do chomhair a osclaíonn go huathoibríoch nuair a théann tú chucu. Siúl díreach ar aghaidh agus beidh tú san fháiltiú againn.




## Leagan amach an fháiltithe

Seo é leagan amach na háite poiblí don fháiltiú againn.




Áit oscailte don phobal
Áit dúnta don phobal seachas le linn cruinnithe nó éisteachtaí ó bhéal
Áit dúnta don phobal
Tá tú anseo nuair a thagann tú isteach san oifig

Nuair atá tú i do sheasamh le doras sleamhnáin an phóirse taobh thiar duit, ta an deasc fáilte os do chomhair i suíomh 12 a chlog. Ta seomra comhdhála Mhaoilbhríde ar do thaobh dheis i suíomh 2 a chlog.



Nuair atá tú i do sheasamh le doras sleamhnáin an phóirse taobh thiar duit, agus casann tú ar do thaobh dheis (suíomh 3 a chlog) feicfear seastán foilseacháin ann agus ríomhairí gur féidir leat a úsáid le heolas cáis a fháil. Tá 3 ríomhaire san iomlán: ta ríomhaire inrochtana suite in aice leis an seastán foilseacháin, agus dhá ríomhaire ar an seastán sa lár. Tá slí isteach go dtí an Seomra Parnell ann chomh maith.




Nuair atá tú i do sheasamh le doras sleamhnáin an phóirse taobh thiar duit, agus casann tú ar chlé (suíomh 9 a chlog), ta leithris inrochtana ann, chomh maith le slite isteach go dtí an Seomra Chathail Brugha agus Seomra Sheáin MacDiarmada, suíocháin agus boird gur féidir fanacht ann d’fhoireann An Coimisiún Pleanála nó le féachaint ar chomhaid socruithe tríd an seirbhís.



**Cabhair, Garchabhair agus éigeandálaí eile**

Má tá cabhair uait ag aon pointe le linn do chuairte chuig an An Coimisiún Pleanála, ná bíodh drogall ort labhairt le ball foirne againn nó le garda slándála. Má tá tú ag mothú tinn ag aon phointe, tá fearas garchabhrach agus dífhibrileoir ar fáil san áit fáilte.

I gcás éigeandála, le do thoil lean treoracha na foirne agus na ngardaí slándála agus fág tríd an bhealach éalaithe is giorra duit. Uaireanta, is féidir go mbeidh bealach éalaithe taobh thiar duit. Osclaíonn doirse go huathoibríoch a bhíonn dordánaí uathu de ghnáth nuair a chuirtear an t-aláram dóiteáin ar siúl. Má fhanann an doras faoi ghlas ar aon fháth, tá cnaipí eisiúna suite sna boscaí glasa in aice leis na doirse. Ta eolas faoi aslonnaithe agus éigeandálaí ar fáil san fháiltiú.

**Madraí Treorach agus Cabhrach**

Ta fáilte roimh madraí treorach agus cabhrach agus tá áiseanna uisce ar fáil do mhadraí.

**Áit chiúin**

Tá seomra Sheáin MacDiarmada ar fáil do dhaoine atá seomra níos ciúine uathu.

**Soilsiú**

Tá solas nádúrtha agus saorga san fháiltiú agus sna seomra cruinnithe againn. Is féidir an solas a ísliú le linn cur i láthair agus cur i láthair físeáin.

**TCI**

Déantar taifead ar íomhánna san oifig chun coiriúlacht a chosc agus don sábháilteacht phearsanta agat. Cuirtear an córas seo i bhfeidhm an gCoimisiún Pleanála faoi chúram Aramark, agus is féidir teagmháil a dhéanamh leo ar 01 858 8100.

**Teanga**

Tá fáilte roimh Béarla nó Gaeilge ó chustaiméirí in An Bord Pleanála.

**Deasc Fáilte**

Ag an deasc fáilte, is féidir leat:

- Achomhairc, iarratais, tarchuir agus breathnóireachta a chur isteach.
- Ceist a chur ann deis labhartha a fhail le ball foirne maidir le ceist atá agat ar chás nó chun seic a dhéanamh ar cháipéisí ma tá achomharc, iarratas, tarchur nó breathnóireacht a chur isteach agat.
- Iarratas a chur isteach comhad cáis a fheiceáil.
- Iarratas a dhéanamh labhairt leis an tOifigeach Rochtana.
- Treoracha a iarraidh má tá cáipéisí nó rudaí le chur isteach agat nó má tá coinne agat.



Bíonn ar a laghad rúnaí amháin ag an deasc fáilte, agus de ghnáth bíonn beirt ann. Tá an deasc inrochtana do gach duine atá ag iarraidh caint le rúnaí, agus tá córasna lúibe ann do dhaoine a mbeadh fadhbanna éisteachta acu.

Tá dífhibrileoir, fearas garchabhrach agus múchtóir dóiteáin ar fáil gar don deasc fáilte.

**Áit fáiltithe**


San ait fáiltithe tá:

- Seastán foilseacháin ar a bhfuil cáipéisí foilsithe ar nós:
    - Conas is féidir Achomharc Pleanála a dhéanamh
    - Treoir na dTáillí
    - Cáipéisí corparáideacha
- Trí ríomhaire le heolas pleanála agus a chuardach. Tá ríomhaire amháin curtha in áireamh do bhaill an phobail a bhfuil riachtanais inrochtaineachta acu.
- Seomra Mhaoilbhríde, áit a mbíonn éisteachtaí ó bhéal agus cruinnithe eile ar siúl. Níl an seomra seo oscailte don phobal gan chuireadh nó má tá cead tabhartha ó fhoireann An Coimisiún Pleanála a úsáid.
- Seomra Parnell, áit a mbíonn cruinnithe ar siúl. Níl an seomra seo oscailte don phobal gan chuireadh nó má tá cead tabhartha ó fhoireann an Bhoird Pleanála leis a úsáid.



**Seomra Comhdhála Mhaoilbhríde**

- Níl an seomra seo oscailte don phobal seachas má thugtar cuireadh ann go ócáid ar nós cruinnithe nó éisteachta ó bhéal, nó má thugtar cead ó fhoireann An Coimisiún Pleanála an seomra a úsáid.
- Má ta tú ag freastal ar ócáid sa seomra seo, tabharfar cead isteach duit ó ball foirne an Bhoird Pleanála nó garda slándála.
- Ma ta tú ag labhairt ag ócáid agus tú ag iarraidh cur i láthair a chur ar siúl nó taispeáint eile a úsáid, téigh i dteagmháil leis an duine a thug cuireadh duit nó cuir ríomhphost chuig [bord@pleanala.ie](mailto:bord@pleanala.ie) le do thoil.
- Tá póidiam sa seomra comhdhála Mhaoilbhríde gur féidir an airde a athrú agus a bhfuil inrochtana do gach duine.
- Nuair atá tú ag fágáil an seomra, ag an doras beidh ort dordánaí ar an taobh dheis a bhrú chun na doirse a dhíghlasáil. Nuair atá siad díghlasáilte agat, siúl díreach ar aghaidh agus beidh tú ag an deasc fáilte.
- Tabharfaidh an fhoireann treoracha duit i gcás éigeandála.







**Seomra Parnell**

- Níl an seomra seo oscailte don phobal seachas má thugtar cuireadh nó cead ó fhoireann an gCoimisiún Pleanála chun an seomra a úsáid.
- Má ta tú ag freastal ar ócáid sa seomra seo, tabharfar cead isteach duit ó ball foirne an gCoimisiún Pleanála nó garda slándála. Nuair a thagann tú isteach sa seomra, tá rampa réidh ag dul suas go díreach ann. Tá áit an rampa curtha in iúl ag tíle urláir buí.
- Ag fágáil an seomra, téann an rampa réidh síos i dtreo an dorais. Tá áit an rampa curtha in iúl ag tíle urláir buí.
- Ag an doras, beidh ort dordánaí ar an taobh chlé a bhrú chun na dorais a dhíghlasáil. Siúl díreach ar aghaidh go dtí na céad doirse eile. Anseo, beidh ort dordánaí eile a bhrú chun na doirse a dhíghlasáil. Ansin, beidh tú san áit fháiltithe.
- Tabharfaidh an fhoireann treoracha duit i gcás éigeandála.



**Leithris inrochtana**

Tá dhá leithris inrochtana d'fhir agus do mhná araon d’úsáid na g custaiméirí. Osclaíonn doirse na leithreas amach i dtreo an fháiltithe. Má tá fadhb leis an leithreas, cuir in iúl don fhoireann le do thoil.





**Láthair shuí**

- Láthair suí gur féidir fanacht ann d’fhoireann an gCoimisiún Pleanála
- Is féidir go mbeidh múnlaí do chásanna reatha agus socraithe ar taispeáint.
- Tá bord agus cathaoireacha ann gur féidir seic a dhéanamh ar cháipéisí a thabharfaidh tú don an gCoimisiún Pleanála, nó le féachaint ar chomhaid atá á n-iarraidh agat tríd an seirbhís rochtana poiblí atá agat.



**Seomra Chathail Brugha**

- Níl an seomra seo oscailte don phobal seachas má thugtar cuireadh nó cead ó fhoireann an gCoimisiún Pleanála chun an seomra a úsáid.
- Má tá tú ag freastal ar ócáid sa seomra Chathail Brugha, casann doras an seomra seo le hoscailt. Le dul isteach, tarraing an doras i dtreo an fháiltithe agus téigh isteach sa bhearna is mó. Le dul amach, brúigh an doras i dtreo an fháiltithe agus fág tríd an bhearna is mó.
- Tabharfaidh an fhoireann treoracha duit i gcás éigeandála.






**Seomra Sheáin MacDiarmada**

Bíonn an seomra seo ar fáil de ghnáth don phobal agus níl cead úsáide ag teastáil.

Tá an seomra seo ciúin agus tá solas nádúrtha ann.

- Fan ar fhoireann an An Coimisiún Pleanála in áit níos compordaí.
- Ábhair pleanála a phlé go príobháideach leis an bhfoireann, nó
- Breathnaigh ar chomhaid atá á n-iarraidh agat tríd an seirbhís rochtana poiblí atá agat.

I gcás éigeandála, ba chóir duit an seomra a fhágáil agus téigh chuig an áit fáilte agus lean treoracha na bhfoirne nó na ngardaí slándála.







**Ag fágáil na hoifige**

Nuair atá do chuairt chuig an gCoimisiún Pleanála críochnaithe, fágann tú tríd na doirse céanna inar tháinig tú ar Sráid Mhaoilbhríde.

Osclóidh na doirse póirse go huathoibríoch nuair a théann tú chucu.

Nuair a shroicheann tú an doras lasmuigh, taobh na sráide, tarraing an doras chugat agus rachaidh tú amach ar Sráid Mhaoilbhríde. Muna osclaíonn an doras, tarlóidh sé seo muna bhféidir leis an braiteoir tú a fheiceáil. Le dul amach, tóg cúpla coischéim siar i dtreo an fháiltithe agus téigh i dtreo na ndoirse arís. Ba chóir go n-osclófar an doras duit anois.

Má tá cabhair uait leis an doras taobh amuigh, tá cnaipe glas suite ar fráma an dorais póirse a osclóidh an doras duit. De rogha air sin, is féidir leat ceist a chur ar an rúnaí nó garda slándála le haghaidh níos mó cabhrach.



# Tuilleadh eolais

Rinneamar iarracht an treoir seo a chur le chéile chomh cruinn agus is féidir. Ní bheidh An Coimisiún Pleanála freagrach, áfach, as gníomhú ar bith a tharlaíonn de bharr a úsáide.

Má tá tú ag iarraidh an cháipéis seo a fháil i bhfoirm mhalartach nó le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil leis an an gCoimisiún Pleanála trí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Tar ar chuairt chuig an oifig:<br>Scríobh chugainn: | **An Coimisiún Pleanála**<br>**64 Marlborough Street**<br>**Dublin 1**<br>**D01 V902** |
| Cuir glaoch orainn ar: | (01) 858 8100 or LoCall: 1890 275 175 |
| Tabhair chuairt chuig ár suíomh gréasáin ag: | www.pleanala.ie |
| Seol facs chugainn ar: | (01) 872 2684 |

**Arna Nuashonrú: Eanáir 2026**